Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# Foirm le haghaidh Nótaí Bainc Damáistithe Euro

**Léigh na treoracha ar leathanach 1 agus déan cinnte go síníonn tú an dearbhú ar leathanach 2 sa chaoi nach mbeidh aon mhoill ar phróiseáil d'iarratais. Úsáid BLOCLITREACHA gach áit.**

1. **Níor cheart an fhoirm seo a úsáid ach amháin le haghaidh nótaí bainc damáistithe euro.** Líon isteach gach leathanach, le do thoil, agus déan cinnte go bhfuil an fhoirm bhunaidh faoi iamh. Ní ghlacfar le fótachóipeanna.
2. Déan cinnte go bhfuil na píosaí uile de na nótaí bainc faoi iamh, fiú na píosaí is lú díobh. Ba cheart nótaí bainc atá millte go dona a láimhseáil a laghad is féidir agus ba cheart iad a phacáistiú go cúramach chun go seachnófar aon damáiste breise dóibh.
3. Más rud é gur nochtadh an t-airgead do cheimiceáin nó d'ábhair ghuaiseacha, ní mór duit é sin a chur in iúl dúinn mar aon le cineál na substainte a bhí i gceist. Má tá contúirt ag baint leis na nótaí bainc, déan teagmháil linn roimh ré ag currencyservices@centralbank.ie. Féadfaidh go n-iarrfar ar údaráis inniúla measúnú sláinte agus sábháilteachta a dhéanamh.
4. Chun a chinntiú go ndéanfar próiseáil chuí ar an iarratas, iarrtar ort **sonraí iomlána a thabhairt maidir le cúis an damáiste** agus cá háit a bhfuil **aon phíosaí atá ar iarraidh**.
5. I gcás ina gcuirfear 50% nó níos lú de nóta bainc ar fáil, ní dhéanfaidh Banc Ceannais na hÉireann an nóta bainc sin a mhalartú ach amháin más féidir fianaise a thabhairt gur scriosadh an chuid eile den nóta bainc.
6. **Beidh moill ar aisíocaíocht mura líontar an fhoirm i gceart.**
7. Féadfaidh na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ó thaobh Frithsciúradh Airgid, Ioncaim, agus Coiriúlachta ar aon taiscthí a chuirfear isteach lena malartú. Tá seans ann go dtógfaidh sé roinnt ama é sin a chur i gcrích. Beidh malartuithe faoi rialú ag *Cinneadh BCE 2013/10 maidir le hainmníochtaí, sonraíochtaí, atáirgeadh, malartú agus aistarraingt nótaí bainc euro*.
8. Ó am go ham, féadfaidh Banc Ceannais na hÉireann taiscthí os cionn luach tairsí ar leith a tharchur chuig údaráis inniúla ábhartha.
9. Má chinneann an Banc go bhfuil forais aige malartú nótaí bainc damáistithe a dhiúltú i gcomhréir le Cinneadh BCE, coinneoidh an Banc siar na nótaí bainc damáistithe sa chaoi nach rachaidh na nótaí bainc euro sin ar ais i gcúrsaíocht.
10. Féadfaidh an Banc Ceannais aon sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil a phróiseáil chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh nó chun a oibríochtaí gnó a éascú. Próiseálfar sonraí pearsanta i gcomhréir le ceanglais na reachtaíochta um chosaint sonraí. Is féidir ceisteanna maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an mBanc Ceannais a sheoladh chuig dataprotection@centralbank.ie. Tá cóip d'Fhógra Príobháideachais an Bhainc Ceannais maidir le Cosaint Sonraí le fáil ar www.centralbank.ie/fns/privacy-statement.

**Má thugann tú eolas agus míniú mionsonraithe, seachnófar tuilleadh ceisteanna agus moilleanna gan ghá nuair a bheidh d'iarratas á phróiseáil. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfaidh Banc Ceannais na hÉireann a iarraidh go gcuirfear mínithe breise, nó faisnéis nó fianaise bhreise ar fáil mar thaca le hiarratas ar mhalartú nótaí bainc damáistithe chun a chumasú dó a fheidhmeanna faoi Chinneadh BCE 2013/10 a chomhlíonadh.**

# Cuid 1: Conas is féidir Iarratas a Chur Isteach

Is féidir leat an fhoirm iarratais líonta agus na doiciméid riachtanacha a chur isteach ar an gcaoi seo a leanas:

1) **I bpearsa**, i gCeannoifig Bhanc Ceannais na hÉireann, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath, D01 F7X3.
   Fad a bheidh srianta rialtais COVID-19 i bhfeidhm, téigh go dtí centralbank.ie chun eolas a fháil maidir leis na srianta ar rochtain ar oifig phoiblí an Bhainc Ceannais.
2) **Leis an bpost cláraithe** (laistigh d'Éirinn amháin) chuig: Banc Ceannais na hÉireann, P2, Bosca PO 61, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 16. Tabhair faoi deara, le do thoil, go nglacann an seoltóir dliteanas as aon taiscthí poist agus **níl Banc Ceannais na hÉireann faoi dhliteanas maidir le haon taiscthí a sheoltar leis an bpost**.
3) **I mbrainse de bhanc miondíola**. **Féadfaidh** go gcuirfidh roinnt banc miondíola d'iarratas ar aghaidh go díreach chuig an mBanc Ceannais thar do cheann. Déan teagmháil le do bhanc áitiúil chun an rogha seo a fhiosrú.

# Cuid 2: Dearbhú

**Cuir tic (✓) sna boscaí seo a leanas chun do thoiliú a dheimhniú agus sínigh an dearbhú thíos:**

☐ Is mise úinéir dleathach na nótaí bainc seo agus tá mé i dteideal iad a chur isteach lena malartú.
☐ Ní dhearnadh na nótaí bainc damáistithe a mhilleadh, a shalú nó a dhamáistiú d'aon ghnó.
☐ Ní thagann na nótaí bainc damáistithe ó ghníomhaíocht neamhdhleathach ar bith.
☐ Tá an fhaisnéis go léir atá curtha ar fáil san fhoirm iarratais seo cruinn.
☐ Tá na doiciméid bhreise go léir a theastaíonn i dtaca le m'iarratas curtha faoi iamh agam.
☐ Tuigim go bhféadfaidh an Banc Ceannais sonraí maidir leis an iarratas seo, lena n-áirítear cóipeanna de chomharthaí aitheantais, a chur ar aghaidh chuig údaráis ábhartha tríú páirtí eile e.g. An Garda Síochána agus/nó na Coimisinéirí Ioncaim.
☐ Léigh mé agus tuigim na ceanglais atá leagtha amach sa doiciméad seo maidir le nótaí euro damáistithe a mhalartú.

| | |
|---|---|
| **Síniú an Iarratasóra:** | |
| **Dáta:** | |



Bailí ón: 1 Feabhra 2021

# Cuid 3: Riachtanais Aitheantais

| Sonraí an Iarratasóra | |
|---|---|
| **Ainm Iomlán:** | |
| **Seoladh:** | |
| | |
| **Dáta Breithe:** | |
| **Uimhir Ghutháin:** | |
| **Seoladh Ríomhphoist:** | |

| Eolas Gnó (más bainteach) | |
|---|---|
| **Ainm Gnó:** | |
| **Uimhir Chláraithe na Cuideachta:** | |
| **Post an Iarratasóra sa Ghnó:** | |

# Cuid 4: Cuntas Bainc an Iarratasóra

| Cuntas Bainc (a ndéanfar aisíocaíocht isteach ann nuair a bheidh an nóta/na nótaí fíoraithe agus deimhnithe) | |
|---|---|
| **Ainm & Brainse Bainc** | |
| **Ainm Cuntas Bainc** | |
| **IBAN:** | |
| **BIC:** | |

## Doiciméid Bhreise

I gcás éileamh **€200 nó níos mó**, is gá duit an méid seo a leanas a chur ar fáil:

1) Cruthúnas ar úinéireacht an chuntais bainc a ndéanfar an t-airgead a íoc isteach ann (áirítear ráiteas folaithe bainc)
2) **Cóip de chomhartha aitheantais** (airítear pas bailí, ceadúnas tiomána etc.)
3) **Cruthúnas ar sheoladh** (áirítear ráiteas folaithe bainc, bille fóntais, nó comhfhreagras ó ghníomhaireacht stáit)
4) Más **iarratasóir údaraithe** tú agus má tá iarratas á dhéanamh agat thar ceann duine éigin eile, lena n-áirítear mionaoiseach, ní mór duit cruthúnas a thabhairt freisin ar do cheapachán mar iarratasóir

# Cuid 5: Sonraí na nótaí damáistithe bainc atá á malartú agus fhoinse na gcistí/úinéireacht

| Nótaí Bainc le Malartú | |
|---|---|
| Aghaidhluach | Líon na Nótaí Bainc |
| 10 shilling | |
| IR£1 | |
| IR£5 | |
| IR£10 | |
| IR£20 | |
| IR£50 | |
| IR£100 | |
| Total Value: | |

| Foinse na gCistí/ cruthúnas ar úinéireacht |
|---|
| Tabhair eolas, le do thoil, maidir le foinse an nóta bainc/na nótaí bainc. Cá bhfuarthas an nóta bainc/na nótaí bainc? |

## Doiciméid Bhreise

I gcás éileamh **€1,000 nó níos mó**, ní mór duit an méid seo a leanas a chur ar fáil sa bhreis ar 1-3 thuas:

1) **Cruthúnas ar úinéireacht**/ar fhoinse nótaí bainc (airítear ráitis cuntas bainc, admhálacha ar aistarraingtí cuntas bainc, admhálacha ar dhíolacháin, doiciméid dhlíthiúla, etc.)

# Cuid 6: Sonraí faoin Damáiste

| Cúis an Damáiste |
|---|
| Tabhair cuntas mionsonraithe, le do thoil, ar an damáiste don nóta bainc/do na nótaí bainc, lena n- áirítear eolas maidir leis an gcaoi inar damáistíodh an nóta bainc/na nótaí bainc agus/nó cén fáth a bhfuil aon phíosaí den nóta bainc/de na nótaí bainc ar iarraidh. Bíodh aon doiciméid ábhartha lena bhfianófar an damáiste faoi iamh agat, le do thoil. |

## Doiciméid Bhreise

Cuir ar fáil aon doiciméid ábhartha a chuideoidh le míniú a thabhairt ar an damáiste.